Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13323/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0322(COD)**

CODEC 1452
SAN 553
PHARM 156
PROCIV 123
COVID-19 158

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Samhain 2020, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 168(5) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 7 Bealtaine 2021[3].

4. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 12973/20 + ADD1.
[2] IO C 286, 16.7.2021, lch. 109.
[3] IO C 300, 27.7.2021, lch. 76.
[4] 12943/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 40/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.